Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12885/23**

**EPPO 36**
**COPEN 310**
**FIN 913**
**GAF 29**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha de chuid Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh |

## I. RÉAMHRÁ

1. Bunaíodh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’)[1].

2. An 28 Iúil 2023, chuaigh sainorduithe ochtair Ionchúisitheoirí Eorpacha (ón Ostair, ón gCipir, ón nGréig, ón Spáinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ón Ísiltír agus ón bPortaingéil) in éag.
Tá an Chomhairle le hIonchúisitheoirí Eorpacha a cheapadh do na folúntais sin.

[1] IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

3. De bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, ainmneoidh gach Ballstát rannpháirteach triúr iarrthóirí ar phost an Ionchúisitheora Eorpaigh as measc iarrthóirí atá ina gcomhaltaí gníomhacha de sheirbhís ionchúisithe nó de bhreithiúnacht an Bhallstáit ábhartha, nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus ag a bhfuil na cáilíochtaí is gá lena gceapadh d'ardoifig ionchúisimh nó bhreithiúnach ina mBallstáit faoi seach, agus ag a bhfuil an taithí phraiticiúil ar chórais dlí náisiúnta, ar imscrúduithe airgeadais agus ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

4. De bhun an cheathrú mír de Riail VII.2 de rialacha oibriúcháin an phainéil roghnúcháin, rinne an painéal roghnúcháin na hiarrthóirí a rangú de réir a gcáilíochtaí agus a dtaithí. Cuirtear ord tosaíochta an phainéil roghnúcháin in iúl leis an rangú sin ach níl sé ina cheangal ar an gComhairle.

5. I gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, tar éis di na tuairimí réasúnaithe ón bpainéal roghnúcháin a fháil, déanann an Chomhairle duine de na hiarrthóirí a roghnú agus a cheapadh le bheith mar Ionchúisitheoir Eorpach an Bhallstáit rannpháirtigh lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2017/1939, déanann an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach simplí de na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, na hIonchúisitheoirí Eorpacha a roghnú agus a cheapadh ar feadh téarma neamh-inathnuaite 6 bliana.

6. I mí Mheán Fómhair 2019, shainigh an Chomhairle an próiseas inmheánach chun Ionchúisitheoirí Eorpacha a cheapadh[2].

## II. <u>NÓS IMEACHTA</u>

7. Le Cinneadh 2023/133 an 17 Eanáir 2023, cheap an Chomhairle comhaltaí an phainéil roghnúcháin.[3]

---

[2] 12175/19.

[3] Cinneadh (AE) 2023/133 ón gComhairle an 17 Eanáir 2023 lena gceaptar comhaltaí an phainéil roghnúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2017/1939.

8. Le Cinneadh 2023/1335, an 27 Meitheamh 2023, cheap an Chomhairle Ionchúisitheoirí Eorpacha na Gréige, na hIodáile, na Cipire, na Liotuáine agus na hOstaire.[4] Le Cinneadh 2023/1539, an 20 Iúil 2023, cheap an Chomhairle Ionchúisitheoirí Eorpacha na Spáinne agus na Portaingéile.[5]

9. An 8 Meán Fómhair 2023, tharraing an bord roghnúcháin suas na tuairimí réasúnaithe agus an rangú do gach ceann de na hiarrthóirí arna n-ainmniú ag an Ísiltír a chomhlíon na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2017/1939. Cuireadh an tuairim réasúnaithe sin faoi bhráid na Comhairle an 8 Meán Fómhair 2023[6].

10. Rinne Comhairleoirí CGB an obair ullmhúcháin theicniúil ag na cruinnithe a bhí acu an 21 Meán Fómhair 2023. Rinneadh an scrúdú ar bhuanna comparáideacha na n-iarrthóirí arna n-ainmniú ag an mBallstát sin ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe a sheol an bord roghnúcháin, agus ord tosaíochta neamhcheangailteach an phainéil roghnúcháin á chur san áireamh, chomh maith le hábhar breise a chuir an Ballstát isteach, i gcás inarb ábhartha.

11. Mar thoradh ar an scrúdú ar iarrthóirí arna n-ainmniú ag an Ísiltír, a rinneadh ag an gcruinniú a bhí acu an 21 Meán Fómhair 2023, mhol Comhairleoirí CGB do Choiste na mBuanionadaithe cloí leis an ord tosaíochta neamhcheangailteach a léirigh an painéal roghnúcháin do na hiarrthóirí a d’ainmnigh an Ballstát sin.

---

[4] Cinneadh (AE) 2023/1335 an 27 Meitheamh 2023 ón gComhairle lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

[5] Cinneadh (AE) 2023/1539 an 20 Iúil 2023 ón gComhairle lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

[6] Leagtar amach iad in 12745/23 RESTREINT UE/EU RESTRICTED.

## III. DOICIMÉID ÁBHARTHA

12. Scrúdaigh Comhairleoirí CGB an dréacht-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ag an gcruinniú a bhí acu an 21 Meán Fómhair 2023. Thángthas ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil maidir leis an téacs mar a leagtar amach in WK 11316/23 é.

## IV. CONCLÚIDÍ

13. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– an comhaontú maidir le téacs an Chinnidh ceapacháin ón gComhairle a dhearbhú agus

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar Ionchúisitheoirí Eorpacha de chuid Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, mar a leagtar amach in 13000/23 é (téacs ar chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air) a ghlacadh.